


CLOGHANEELY IRISH COLLEGE.

The Irish College opens on the 11th July. Already a great number of students have signified their intention of being present during the whole or part of the first session. Some of these will visit the district for the first time. Others have been students at Cloghaneely when the College building was an ordinary dwellinghouse at Ardsmore. In good weather the rain beside the river was the aula maxima with the canopy of heaven overhead. The lofty mountains of Errigal and Muckish could be seen in the distance. On the other side of the river the Cromleck —called in Irish "The Bed of Diarmuid and Grainne"—served as a constant reminder of an early civilisation. A short walk from the College a reminder of Columcille was to be found in the form of a holy well known as "Tobar Cholumcille" by the people of the neighbourhood. These scenic and historic associations combined with the joy-giving labour of learning the language of the Gael in such favourable circumstances, went to make the district around the old college a place of pleasant memories for the students of the earlier years.

In Glena the new College building is situated. It is a little nearer the railway station and the church, but still in the centre of one of the most Irish-speaking districts in Ireland. There is no evidence of the decay of the language here, but, on the contrary, it seems—in military phrase—to have consolidated itself permanently.

The merits of Ulster Irish are not recognised sufficiently even by Ulstermen themselves. It contains an extensive and interesting literature well worthy of cultivation. It is regrettable that a good portion of it is as yet unedited and unpublished. Two foreign scholars, Professor Quiggan, of Cambridge, and Mr. Alf Sommerfelt, of Christiania, Norway, have written much interesting and instructive matter on the phonology of Donegal Irish. Mr. Sommerfelt spent some time at Cloghaneely last year. He is coming—if weather and war conditions allow him—to spend another term at the Irish College this year. 'Tis strange how Norwegians can appreciate Irish even more than some of the Irish themselves.

Alt a bhaineann le Coláiste Uladh
(Le caoinchead ón Derry Journal.)



Ruairí Mac Easmainn i gColáiste Uladh, c.1906
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

Theagasc an coláiste teangeolaíocht, a chuimsigh foghraíocht, gramadach agus aiste próis, filíocht, léitheoireacht, aithriseoireacht agus scéalaíocht; modhanna teagaisc, a chuimsigh léachtaí ar mhodhanna, taispeáint modhanna, agus cleachtadh iontu; stair na litríochta; stair na hÉireann; ceol gutha; damhsa; léachtaí ar ábhair ilchineálacha; agus cluichí agus siamsaí.


Ba í Úna Ní Fhaircheallaigh an tArd-Oide go dtí 1917. Faoina maoirseacht, rinneadh 'Bealach Mór chun na Gaeilge' achan tsamhradh den choláiste. Ní mic léinn agus múinteoirí amháin a dhéanadh freastal ar an choláiste ach daoine eile fosta a raibh suim i dteanga agus i gcultúr na Gaeilge acu. Ar na mic léinn ab iomráití bhí Pádraig Mac Piarais, Ruairí Mac Easmainn, Dubhghlas de hÍde, an Tiarna Ashbourne, Carl Hardebeck agus Séamus Ó Grianna (ainm cleite, 'Máire').



**Mná a raibh páirt acu i dtionscal na hiascaireachta, ar ché na nDúnaibh, c.1900idí**
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.)

## Saol na mBan

Ní bhíodh saol na mban i nDún na nGall in 1916 mar atá saol an lae inniu. Sna ceantair tuaithe is mó a chónaigh na daoine, a lán acu i dtithe beaga ceann tuí le dhá nó trí sheomra, gan uisce reatha, sláintíocht ná leictreachas. Is i dtithe dhá stór a chónaíodh na feirmeoirí ba rathúla. D'oibríodh mná ar an fheirm agus ba mhinic iad ag díol nó ag malartú uibheacha ar earraí ar nós tae, siúcra agus plúir. Ba chuid thábachtach de réim bia an teaghlaigh é an bainne agus maistríodh é le him a dhéanamh. Chnuasaíodh an mhuintir a chónaigh chois cladaigh feamainn le teacht isteach an teaghlaigh a mhéadú. Ba mhinic fosta a d'oibir mná i dtionscal na hiascaireachta, ag bailiú baoite, mar shampla, nó ag dí-inniú agus ag leasú éisc (Bell agus Watson, 2011).





**Mná ag obair sa mhonarcha cairpéad sna Cealla Beaga, c.1900idí**
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Shaothraigh a lán teaghlach, in iarthar Dhún na nGall go háirithe, breis ioncaim ina n-oibrithe imirceacha. Chuaigh fir go contaetha in aice

láimhe nó go hAlbain ina n-oibrithe séasúir ag fágáil obair na feirme agus baint na mbarr ag na mná. Chuaigh mná fosta a obair in Albain agus i Sasain, ina 'spailpíní prátaí' (ag baint prátaí) nó mar 'ghlantóirí' (ag glanadh agus ag dí-inniú scadán).

D'oibir mná fosta taobh amuigh den bhaile i bpoist éagsúla mar mhúinteoirí, mar shampla, searbhóntaí tí, cúntóirí siopa agus go háirithe sna tionscail bhaile mar chleiteálaithe, fíodóirí, bróidnéirí agus déantóirí lása. Oibrithe mná ag monarcha cairpéad Morton sna Cealla Beaga, shaothraíodh siad ar an mhéan cúig scilling sa tseachtain (Beattie, 2008).



**The Knitting Industry.**

The knitting industry carried on by the women and girls of this district, is one of the most important of local industries. Since the outbreak of hostilities the remuneration paid to knitters for their work has considerably increased, and they now receive almost double the pay of pre-war times. The knitting industry carried on by the Templecrone Co-operative Society engages about 70 local girls, some of whom are able to earn from £1 10s to £2 per week. Their knitting is done by knitting machines, of course, and hence they are able to earn good wages. Employment such as that given to the girl-workers at Dungloe would check considerably emigration among girls in rural districts.

Alt ó pháipéar nuachta a bhaineann le tionscal na cleiteála, 1916 (Le caoinchead ón *Derry Journal*)

Chonacthas fógra ag iarraidh 'Clóscríobhaithe Mná in A.O.P. Londain agus Ranna Ioncaim ar *Derry Journal* Dé hAoine, 7 Eanáir 1916. ( 'Female Typists in G.P.O. London and Revenue Departments' )

Bhí páirt thábhachtach ag mná sa chomhar cogaidh, sa bhaile agus ar na línte tosaigh. Bhí siad páirteach in earcaíocht agus ar fhoirne ospidéal deonach. D'oibir siad ar an fhronta ina mbanaltraí. In 1916 cuireadh an tSiúr Banaltrais Catherine Black ó Ráth Mealtain chun na Fraince, áit a ndearna sí banaltracht ar shaighdiúirí cathshuaite. Scríobh sí:

> "…san oíche, b'ionad céasta é an barda spéiriúil, lucht na leapacha ag corraí agus ag tiontú agus ag éagaoin in ifreann na gcuimhní a scaoileadh saor" (Black, 1939).

Sa bhaile, i gceantair tuaithe, d'oibir mná ag cnuasach caonach súsáin do chóirithe máinliachta a raibh ráchairt mhór orthu. Ar an Chlochán Liath, d'fhéadfadh mná suas le £2 sa tseachtain a shaothrú ag cleiteáil soláthair don chogadh. Rinne baill de Chiorcail Oibre Ghildeanna Ardeaglais Naomh Adhamhnán éadaí do Chimí Cogaidh Éireannacha agus cuireadh ar shiúl an chéad chuid d'obair an Ghild i mí Eanáir 1916. (Derry Journal, 10 Eanáir 1916).



**An Bhanaltra Caitríona Ní Dhuibh as Ráth Mealtain ag campa le linn an chéad Chogaidh Dhomhanda**
(Black, C, 1939)



**Bean ag túirne i gCionn Mhálanna c.1900idí**
(Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)



**Baill de Chumann na mBan Linda Kearns, Eithne Coyle agus May Burke, Garrán Duckett, Ceatharlach, 1921.**
(Le caoinchead ó Chartlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

Hanna Sheehy-Skeffington a bhunaigh Conradh Ceart Vótála Mhná na hÉireann in 1908 le dul i mbun feachtais ar son cearta vótála. Fá 1916, cé go raibh cead ag mná vótáil i dtoghcháin áitiúla, ní thiocfadh leo vótáil ná seasamh in olltoghcháin.

Bhí tionchar ag mná i ngluaiseachtaí cultúrtha mar Chonradh na Gaeilge. Bhí Eithne Ní Chairbre(ainm cleite Anna Johnston Nic Mhánais) agus a cara Eilís Ní Mhaoileagáin gníomhach i gConradh na Gaeilge, ina n-eagarthóirí ar an *Northern Patriot a*gus an Shan Van Vocht araon sna 1890idí.

Thug bean amháin as Dun na nGall tuairisc ina cuimhní cinn ar thionchar Éirí Amach na Cásca uirthi. Bhí Eilís Mhic Shuibhne pósta ar Eoin Mac Suibhne, úinéir theach ósta in Ailt an Chorráin. Rinne sé athphósadh i ndiaidh bhás a chéad mhná, Margaret. Bhí Margaret agus mac Eoin, Seosamh Mac Suibhne (an Maor-Ghinearál Seosamh Mac Suibhne / Joseph Sweeney ina dhiaidh sin) páirteach san Éirí Amach in Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath. Scríobh Alice:


> “Bhí a fhios agam go raibh an tÉirí Amach ann, thug Joe le fios domh roinnt míonna ó shin...Ní raibh nuachtáin laethúla ann le tamall de laethanta agus na ráflaí ag gabháil timpeall fá na huafáis ag tarlú i mBaile Átha Cliath, tuilte fola ar na sráideanna srl. srl. agus achan tsórt creachadóireachta ag tarlú.” (Sweeney, 1986, l.74)

Bunaíodh Cumann na mBan in 1914 agus bhí páirt ríthábhachach acu i bpolaitíocht an ama. Chuaigh bean iomráiteach Dhún na nGall Eithne Nic Giolla Cumhaill san eagraíocht in 1917.

Ghlac cuid mhór ban páirt don chéad uair sa streachailt ar son neamhspleáchais fríd chlárú le Cumann na mBan. Bhí cuid acu in éadan bheartas a dteaghlach. D’inis Alice:

> “Bunús mo ghaolta ar thaobh mo Mháthar agus m’Athar ba “Seóiníní” cearta iad, mar a tugadh ar na Dílseoirí ..... Agus nuair a fuair mé an deis chláraigh mé le Cumann na mBan.” (Sweeney, 1986, p.76)

Ainneoin nár athraigh an saol laethúil go suntasach ag bunús na mban sna blianta i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, fuair mná ceart vótála agus le post a fháil sa rialtas. Toghadh an Chuntaois Markievicz don chéad Dáil agus ba dhuine de na chéad mhná sa domhan í le post aireachta a fháil mar Aire Saothair ó 1919 – 1922.



**Plean Choimisinéirí Dhlí na mBocht do thithe na mbocht in Éirinn**
(Cartlann Contae Dhún na nGall)

# Bochtaineacht agus Sláinte


I luathbhlianta an fhichiú haois bhí bochtaineacht agus galair forleathan. Galair a díothaíodh in Éirinn agus ar fud cuid mhaith den domhan bhí siad go fóill coitianta in 1916 – bruitíneach, diftéire, tíofóideach, fiabhras tíofóideach, scarlatina (fiabhras dearg), fiabhras eintreach, triuch, tuberculosis (TB), a dtugtaí créachta/eitinn air, agus cineálacha nimhneacha fliú. Bhí bolgach Dé beagnach díothaithe a gheall ar vacsaíniú.

De réir dlí, chaithfeadh údaráis áitiúla daoine a raibh galair thógálacha orthu a thabhairt láithreach go hospidéal fiabhrais. Díghalraíodh tithe na n-othar agus scriosadh méid áirithe éadaí agus giuirléidí eile fosta. Ní bhíodh ospidéil agus tithe oibre saor ar ghalar a ghiniúint. I mí an Mheithimh 1916, tháinig an fiabhras dearg i dteach oibre Shrath an Urláir ar an ábhar, má b'fhíor don oifigeach leighis, go raibh "draein dhéistineach ag teacht ón neachtlann." I mBéal Átha Seanaidh, idir Aibreán agus Meán Fómhair, luadh ceithre chás den fhiabhras dearg agus cás amháin créachta i miontuairiscí na Comhairle Ceantair Tuaithe. Aistríodh iomlán na n-othar go dtí an t-ospidéal fiabhrais. Agus de réir thuairisc an oifigigh leighis, bhí an triuch "ag réabadh" i dTamhnach a' tSalainn i mí an Mheithimh chomh maith.



**Ospidéal Theach na mBocht Bhaile na nGallóglach**
(Le caoinchead ó Chartlann Ailtireachta na hÉireann)

Ocht dtithe oibre a bhí i gContae Dhún na nGall, lonnaithe i mBéal Átha Seanaidh, Dún na nGall, Dún Fionnachaidh, Leitir Ceanainn, Carn Domhnach, na Gleannta, Baile na nGallóglach agus Srath an Urláir. Á mbainistiú ag coistí a dtugtaí Boird Bhardachta orthu, thagadh na tithe oibre i dtarrtháil ar dhaoine nach raibh in ann aire a thabhairt dóibh féin ná dá dteaghlaigh. Go luath sna 1840idí a tógadh na tithe oibre agus bhí siad go fóill oscailte in 1916, ach nach mbíodh siad chomh gnóthach




| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 132 | | 17 John Early | Buncrobeg | M | 47 | Single | do | " | | April | 6 |
| 6250 | 134 | 18 Anne Moore | Loughfad | F | 13 | Single | Child of Jas Moore | " | | | |
| 6312 | 135 | 19 Kate Quinn | Straboy | F | 80 | do | O. A P | " | Debility | May | 17 |
| 6314 | 136 | 20 Patrick McGuire | Edeninfagh | M | 55 | Married | Farmer | " | Kidney trouble | May | 19 |
| 6344 | 137 | 21 John Cassidy | Teelin | M | 72 | Single | O. A P. | " | Hernia | June | 7 |
| 6351 | 138 | 22 Patrick Doherty | Blawrock | M | 30 | do | Cattle-dealer | " | Frost bitten | June | 12 |
| 6361 | 139 | 23 Dan Sweeney | Cor | M | 30 | do | Labourer | " | Bronchitis | June | 20 |
| 6368 | 140 | 24 John Sweeney | Mennore E | M | 72 | Married | Ex Farmer | " | Leg Amputation | June | 23 |
| | | | | | | | Total of Money Columns. | | | | |

**Sliocht as Leabhar Tinrimh Fóirithint Faoi Dhíon na nGleannta, Aibreán 1916**
(Cartlann Contae Dhún na nGall)

ná oiread ar an chúnglach agus a bhíodh sa naoú céad déag. Daoine, óg agus aosta, a bhí fágtha gan dídean, dealbh bocht, go dona tinn nó éagumasach, ba mhinic ab éigean dóibh dul isteach i dteach oibre, ar feadh tréimhse ghairid nó fada. Páistí, 'ina ndílleachtaí nó tréigthe', ba mhinic a 'cuireadh ar lóistín' (ar altramas) iad le teaghlaigh. D'áirigh teach oibre Dhún Fionnachaidh go gcosnódh áitritheoir ar feadh seachtaine in 1916 cúig scilling, ocht bpighinn agus leathphighinn ar an mheán; sé scillinge agus cúig pingine a chosnódh cúram othair san otharlann.

In 1916, ar na daoine a tugadh isteach i dtithe oibre Dhún na nGall luadh ar 17 Bealtaine, Róise Mhig Ruairí, baintreach, 32 bliain as na Gleannta agus a teaghlach ceathrar páistí ó 2 go 9 mbliana d'aois. Déirceach (bacach) a tugadh uirthi. Scaoileadh an teaghlach saor an lá dár gcionn ach tugadh isteach ar ais iad ar 6 Iúil agus scaoileadh amach arís iad an lá arna mhárach. Bhí siad ansin arís i mí Lúnasa. Máire Uí Dhochartaigh as Béal Átha Seanaidh, 40 bliain d'aois, dúradh go raibh sí 'urrúnta' agus teaghlach 7 páistí aici d'aois 1 go 15, tugadh isteach i dteach oibre Bhéal Átha Seanaidh í ar 25 Aibreán.



275

The following Letters from the Local Government Board for Ireland, and others, were read by the Clerk, and directions given him to answer them respectively to the following effect (or Orders made on them respectively as follows) :—

No 39236 – dated 14 August 1916. with reference to the appointment of Medical Officer for the Letterkenny Dispensary District, and pointing out that Dr McGinley is now about 22 years and therefore within Military age limits and in that respect eligible for employment in the Army or Navy. and pointing out the great demand there is for doctors for the Army, & stating the Local Govt Board are not prepared to sanction Dr. McGinley's appointment, as doing so would encroach on the supply of doctors who are urgently required for the care of the wounded.

Drawing attention again to their Circular letter of 26 November last and stating that they have decided as a matter of general policy that they will not sanction the permanent ~~appointment~~ filling up of vacancies in the Poor Law Medical Service during the period of the war.

The Guardians should therefore arrange for the discharge of the duties until the termination of the war by a doctor ineligible for military service, at the rate of the fixed salaries attached to the post.

Mr J. S. Sweeney proposed that inasmuch as Dr McGinley answered the advertisement issued by the Board, that ~~the~~ Guardians adhere to the appointment as made on last Board day. and stated that the other Candidate must also be of military age

Seeing –

**Sliocht as Leabhar Miontuairiscí Bhord Bardachta Leitir Ceanainn, ina bhfuil tuairisc ar litir ón Bhord Rialtais Áitiúil á rá nach gceadóidh sé an Dochtúir Mac Fhionnlaoich a cheapadh mar go bhfuil sé anois incháilithe le dul isteach san Arm, 18 Líúnasa 1916** (Cartlann Contae Dhún na nGall.)

Ba mhinic a thugtaí seandaoine isteach i dteach oibre nó in ospidéal fiabhrais, agus ba mhinic a cailleadh ansin iad. Tugadh Máire Ní Ghallchóir, 78 bliain d'aois, as Baile na nGallóglach, isteach i dteach oibre an bhaile sin i mí Feabhra 1915, agus is ann a fuair sí bás ar 11 Aibreán 1916. Tugadh Franny Ni Dhochartaigh as Doire, 76 bliain d'aois, isteach i dteach oibre Charn Domhnach ar 24 Aibreán, céadlá an Éirí Amach.

Tharla nach raibh ospidéil ghinearálta ann in 1916, fuair daoine a bhí tinn, a gortaíodh nó a bhí faoi mhíchumas cóir leighis in ospidéil na dtithe oibre. Bhí créachta ar Anna Ní Mhóra, as Loch Fada, 13 bliana d'aois, nuair a bhain sí amach teach oibre na nGleannta ar 6 Aibreán 1916. Scaoileadh saor ar 1 Bealtaine í. Pádraig Ó Dochartaigh, Blownrock, Leitir Ceanainn, 30 bliain d'aois, ceannaí eallaigh ar bascadh a chos i dtaisme, fuair sé cóir leighis ag teach oibre na nGleanntach i mí an Mheithimh 1916.

De ghnáth sa 19ú haois is beag éagsúlacht nó beathú a bhí i mbia na dtithe oibre, ach fá 1916 bhí feabhas tagtha ar an réim bia. Mar shampla, in ospidéal Bhéal Átha Seanaidh, ar bhiachlár na n-othar bhí bainne, feoil, arán, im, leiceann muice, uibheacha, cabáiste, tornapaí, tae bainne, brat glasraí, anraith piseánaigh, anraith Gaelach, gránphlúr agus rís.

Chuir rialtas nua Shaorstát Éireann deireadh foirmiúil le córas na dtithe oibre in 1923.

In Ospidéal Fiabhrais Bhéal Átha Seanaidh tugadh aire do shaighdiúirí tinne agus gortaithe a phill ón chogadh agus a bhí lonnaithe i gCampa Fhionnúrach in aice láimhe. In 1916 thug an t-ospidéal aire do 37 saighdiúir ón 12ú Cathlán Fiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann. I measc na n-othar bhí beirt Cheannairí agus beirt Leascheannairí agus ba Shaighdiúirí Singile iad an chuid eile. B'fhir gan phósadh a mbunús, sna déaga nó luath sna fichidí agus fear amháin a bhí 47. D'fhostaigh na Boird Bhardachta fosta dochtúirí le híoclanna (clinicí) a reáchtáil ina bhfaigheadh daoine breoite scrúdú dochtúra agus ina dtiocfadh cógais a fhodháileadh. I Leitir Ceanainn in 1916 bhí an cogadh ina phríomhcheist in aighneas fá cheapachán an Dr. J. P. Mac Fhionnlaoich mar dhochtúir íoclainne ag Bord Leitir Ceanainn. Chuir an Bord Rialtais Áitiúil in éadan an cheapacháin nó chonacthas dóibh gur chóir dó dul sa chomhar cogaidh, agus d'fhéach siad le Dr. Walker a chur ina áit. Ach sheas an Bord Bardachta an fód, agus fá Shamhain, bhí an Dr. Mac Fhionnlaoich (Dr. McGinley) go fóill ina phost.

## Gealtlann Ceantair Dhún na nGall in 1916

Osclaíodh Gealtlann Ceantair Dhún na nGall, ar tugadh Ospidéal Naomh Conall, Leitir Ceanainn, uirthi ina dhiaidh sin, in 1866. Go luath san fhichiú haois, glacadh daoine isteach i ngealtlanna ar chúiseanna éagsúla, ina measc, bochtaineacht, buairt, achrainn teaghlaigh, imní intinne, fuadar reiligiúin, meisceoireacht (alcólachas), béim ghréine, achrainn talaimh, fuaidireacht agus a lán eile. Ar theacht isteach sa Ghealtlann dóibh roinneadh daoine ina dtrí chatagóir: Amadáin, Gealta agus Fuaidirí.

Le linn 1916, glacadh 134 duine isteach i nGealtlann Ceantair Dhún na nGall, 86 fear agus 48 bean. Ba é an duine ab óige a glacadh isteach an bhliain sin, gasúr 13 bliana d'aois agus an té ba shine, fear 77 bliain. Orthu siúd a glacadh isteach bhí cúntóirí siopa, oibrithe, feirmeoirí, coimeádaithe tí, cléirigh, searbhóntaí tí, déileálaithe agus gréasaithe bróg. Tugadh isteach fosta péas de chuid Chonstáblacht Ríoga na hÉireann, giolla eaglaise, dlíodóir, mangaire sráide, scuitseálaí lín, saighdiúir, mairnéalach agus iar-shaighdiúir. 'Bean phósta' a tugadh ar bhean amháin agus 'bean shingil' ar bhean eile. Bean eile sna 60idí, a bhí trí mhí ina hothar san ospidéal in 1916, tugadh 'bean acmhainneach' uirthi.




**Céimeanna cloiche ag Ospidéal Naomh Conall**
(grianghraf Caroline Nic Giolla Cheara, Músaem Contae Dhún na nGall




**Gealtlann Cheantar Dhún na nGall (anois Ospidéal Naomh Conall, c.1900idí** (Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)


Bunús na ndaoine a glacadh isteach, scaoileadh saor iad taobh istigh de bhliain nó dhó, ach chaith roinnt acu deicheanna de bhlianta ann; fear amháin acu a tugadh isteach san ospidéal in 1916 in aois 23 fuair sé bás ansin in 1965, in aois 72. Fuair 27 ar a laghad de na 134 othar a tugadh isteach in 1916 bás san ospidéal sna blianta ina dhiaidh sin.

Agus an Cogadh ag réabadh ar feadh 1916, níor tugadh aon fhear isteach an bhliain sin ach saighdiúir ar seirbhís. Bhí sé 21 bliain d'aois agus chuir Arm na Breataine ansin é ó Ospidéal Cogaidh Dykebar i bPàislig, Albain. Ba léir gur taismeach cogaidh é agus dúradh go raibh sé ag fulaingt dúlagair de bharr 'strus an fheachtais.' Scaoileadh saor roinnt míonna ina dhiaidh sin é in 1917.




Teocht & Frasaíocht Mhíosúil Mheánach do Chionn Mhálanna, Contae Dhún na nGall

## Aimsir & Aeráid Chontae Dhún na nGall



To be filled and returned to Dr. H. R. MILL, Director, British Rainfall Organization, 62 Camden Square, London, N.W.
Copies of this form will be supplied with pleasure.

Form G. British Rainfall — 2 JAN 1917

RAINFALL IN 1916
At CONVOY
In the County of Donegal
Rain Gauge: Diameter of Funnel 5 in.
Height of Top: Above Ground 1 ft. / Above Sea Level 150 ft.

| Month. | Total Depth. (Inches.) | Greatest Fall in 24 hours. (Inches.) | (Date.) | Number of Days with ·01 or more recorded. |
|---|---|---|---|---|
| Jan. | 4.47 | .64 | 19th | 27 |
| Feb. | 6.58 | .90 | 15th | 25 |
| Mar. | 2.53 | .44 | 25th | 18 |
| Apr. | 6.20 | 1.03 | 24th | 21 |
| May | 7.62 | 1.23 | 5th | 24 |
| June | 3.62 | .72 | 26th | 17 |
| July | 4.07 | 1.95 | 24th | 16 |
| Aug. | 3.44 | .81 | 25th | 19 |
| Sept. | 1.90 | .84 | 17th | 15 |
| Oct. | 9.00 | .93 | 12th | 31 |
| Nov. | 6.12 | .67 | 4th | 26 |
| Dec. | 4.20 | .74 | 9th | 23 |
| Total | 59.15 | 1502. | | 262 |

Signed Keith H. Thompson
(Please fill in the other side also.)

© Met Éireann. Ref: MÉ/RR/M/26/9
Taifead ar Bháisteach Mhíosúil do Chonmhaigh, Contae Dhún na nGall in 1916

Aeráid mheasartha mhuirí a bhíonn anseo in Éirinn. Maolaíonn tionchar an Aigéin Atlantaigh agus, go háirithe, uisce te Shíobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh / Shruth na Murascaille, na teochtaí againn agus coinníonn níos teo sa gheimhreadh iad (go háirithe i gceantair chósta) ná a bheadh siad de ghnáth i gcás na meán-domhanleithead. Aniar aneas a shéideann an ghnáthghaoth. Bíonn luas agus aird na gaoithe agus méid na frasaíochta a fhaigheann muid faoi thionchar na gcóras lagbhrú agus na gcóras tosaigh a bhíonn in éineacht leo agus a leanas bealach an scairdsrutha. Taispeánann an scairdsruth suíomh na ngaoth láidir leibhéil uachtair san atmaisféar againn agus léiríonn siad an fronta polach atá ina theorainn idir aer fionnuar, tirim taobh ó thuaidh agus aer te, tais taobh ó dheas. Faigheann limistéir thiar agus thuaidh na tíre, limistéir shléibhtiúla go háirithe, níos mó fliuchrais ná na dúichí is foscúla theas agus thoir.


Maíonn cuntais scéaltacha fán aimsir le linn an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath go raibh an aimsir go maith, mar a léirigh an téarma 'Aimsir Cheannairce' a cuireadh síos don scríbhneoir Liam Ó Flaithearta. Is minic gur  Aibreán an mhí is tirime trasna na tíre. Maíonn Tuairisc Mhíosúil Aimsire an Oifig Meitéareolaíochta Aibreán 1916 go raibh teochtaí ar fud Éireann níos ísle ná mar ba ghnách agus an fliuchras níos airde ná mar ba ghnách. Leoga, cairt aimsire a rinne an Riarachán Náisiúnta Aigéanach agus Atmaisféarach (RNAA), taispeánann sé fronta súite os cionn Éireann, Luan Cásca, 24 Aibreán, 1916 ar 1 i.n. Meán-Am Greenwich (MAG). Luan Cásca 24 Aibreán a taifeadadh na méideanna laethúla fliuchrais is mó d'Aibreán 1916 ag stáisiúin i gConmhaigh, i nDún Fionnachaidh, ar Chorrán Binne agus i Leitir Ceanainn.

# AN RAIBH A FHIOS AGAT?

. . . gur in 1916 a céadtugadh isteach Am Coigilte Sholas an Lae, ar a dtugtar fosta Am Samhraidh? Bhíothas ag dúil dá dtabharfaí an clog chun tosaigh go luath sa tsamhradh go méadódh sé folláine agus go dtiocfadh coigilteas dá bharr nuair nach mbeadh an gá céanna le solas saorga. Ritheadh Acht Am Samhraidh in 1916 agus feidhmíodh an scéim ó thús in Éirinn agus sa Bhreatain ar 21 Bealtaine, nuair a chuaigh an clog chun tosaigh an chéad uair.

Ní gach duine a bhí i bhfách leis an smaoineamh. Thacaigh Comhairle Ceantair Uirbigh Bhun Crannacha leis an Acht, ach bhí Comhairle Ceantair Tuaithe Leitir Ceanainn amhrasach, ag rá ar 1 Nollaig, míonna i ndiaidh phíolótú na scéime:

> "Ní raibh in Acht Am Samhraidh ach cur i gcéill agus níor aithníodh é ach gurbh éigean d'áitribh a n-áiteacha gnoithe a fhoscailt agus a dhruidim uair níos luaithe agus gur athraigh traenacha agus scoltacha a n-uaireanta, rud a bhí thar a bheith ciotach i gcás na scoltacha ag páistí a raibh achar fada le gabháil chun na scoile acu."



Local Government Board, Dublin,
12th September, 1916.

No. 42672/1916.
Miscellaneous.

Sir,

Adverting to their Circular Letter of 17th May last, I am directed by the Local Government Board for Ireland to draw your attention to the Time (Ireland) Act, 1916, under which Western European Time is to be observed throughout Ireland from and after the 1st October next.

Instead, therefore, of clocks being put back one hour at 3 a.m. on the night of 30th September next, in accordance with the terms of the said circular, they should be put back only 35 minutes.

I am to enclose a copy of the notice issued by His Excellency the Lord Lieutenant on the subject, and I am to request that the Local Authority will take steps to ensure that all clocks under their control are altered accordingly, and that they will ask all other owners of public clocks, or clocks visible to the public, to alter them similarly.

The public should be duly informed of the change by notices prominently displayed, as on the occasion of the previous alteration in the time.

I am, Sir,
Your obedient Servant,
J. E. DEVLIN,
*Assistant Secretary.*

To each Local Authority.

A. T. & Co., Ltd.

**Imlitir ón Bhord Rialtais Áitiúil chuig údaráis áitiúla maidir leis an Acht Ama (Éire), 12 Meán Fómhair 1916**
(Cartlann Contae Dhún na nGall)


. . . go raibh Éirinn ag oibriú ar amchrios difriúil ón Bhreatain sular cuireadh an scéim choigilte sholas an lae i bhfeidhm? Faoin Acht Sainmhíniú Ama, 1880, ba é am dlíthiúil na hÉireann Meán-Am Bhaile Átha Cliath, ba é sin an meán-am áitiúil ag Réadlann Dhún Sinche taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Bhí sin tuairim is ar 25 bomaite ar chúl MAG. Agus cogadh ag leanstan gan staonadh ar an choigríoch agus sa tsuaitheadh i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, shocraigh Rialtas na Breataine ar dheireadh a chur leis an difear ama idir Éirinn agus an Bhreatain. Creideadh go rachadh sin chun sochair don chumarsáid theileagrafach, d'amchláir bus agus báid, agus don riarachán ghinearálta. Shocraigh Acht Ama (Éirinn), 1916 go mbeadh am na hÉireann ar aon dul le ham na Breataine, ó 2:00 r.n. Meán-Am Bhaile Átha Cliath, Dé Domhnaigh, 1 Deireadh Fómhair 1916. Amhail an tAcht Am Samhraidh, ní raibh sé gan lucht cáinte, ar chúiseanna náisiúnacha go minic; bhí an Chúntaois Markievicz, mar shampla, go dubh ina éadan (Fóram Cheird Uaireolaíochta Éireann).

. . . gur toghadh Seosamh Mac Lochlainn (1867-1926), ón Bheart ó dhúchas, don 65ú Comhdháil S.A.M do Pennsylvania i mí na Samhna 1916, seacht mbliana is fiche i ndiaidh dó Contae Dhún na nGall a fhágáil?

. . . go raibh Éirinn saor ón Acht um Sheirbhís Mhíleata (1916) a thug isteach coinscríobh sa Ríocht Aontaithe don chéad uair i mí Eanáir 1916?

# AN RAIBH A FHIOS AGAT?

. . . breathnuithe aimsire ba ghnách a ghlacadh ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, gur cuireadh ar ceal iad Luan Cásca, 24 Aibreán, agus nach ndearnadh arís iad go dtí Déardaoin, 18 Bealtaine 1916, "de dheasca an reibiliúin"?




© Met Éireann. Ref: MÉ/MO/16/4

**Rudaí a dúirt an breathnóir aimsire i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath in Aibreán 1916**


. . . in 1916, gur cláraíodh 58 carr agus 18 gluaisrothar i gClár Mótarchánach Chontae Dhún na nGall? Ba charranna Ford a bhformhór mór.

. . . . le linn an tsamhraidh 1916, ar na foirne sacair in Iarthuaisceart Dhún na nGall, go raibh Glenties United, Killybegs Emeralds, Maghery Shamrocks, Kincasslagh Rovers, Keadue Rovers, Kincasslagh Hibernians, Gweedore Guilds, Falcarragh, Creeslough agus Milford?

. . . . . gur mar a leanas a bhí na táillí traenach ar bhealach Iarnród Londaindoire & Loch Súílí ó Leitir Ceanainn go hAilt an Chorráin: Céad-Ghrád: 8 scillinge agus 4 pingine; Dara Grád: 6 scillinge agus 3 pingine; Tríú Grád: 4 scillinge agus 2 phingin?

. . . go raibh cosc iomlán ar chaitheamh tobac i gcarráiste iarnróid (seachas sna carráistí nó sna hurranna a bhí ann fána choinne sin) nó taobh istigh de na stáisiúin, agus daoine a dhiúltódh stad nuair a d'iarrfaí orthu, go gcaithfí leo de réir an dlí?

...go raibh taisteal saor in aisce ar an iarnród ag páistí faoi thrí bliana d'aois?




**Sliocht as clár Mhótarcháin Chomhairle Contae Dhún na nGall, 1916**

(Cartlann Contae Dhún na nGall)

. . . go raibh réimse gluaisrothar ann in 1916 ó Royal Ruby agus Douglas go Triumph agus B.S.A.? Orthu siúd a chláraigh a gcuid gluaisrothar bhí an tOirmhinneach Liam Mac an Fhile (Easpag Ráth Bhoth ina dhiaidh sin) ó Choláiste Naomh Adamhnán, Leitir Ceanainn, ar 2 Meitheamh 1916 (gluaisrothar AJS). In Eanáir na bliana sin cheannaigh Alexander Morton, Oibreacha Cairpéad, na Cealla Beaga, Gluaisrothar Royal Enfield i gcomhair trádála agus cláraíodh é do Andrew Struthers, Carpet Hand, na Cealla Beaga.

# Daoine eile Iomráiteacha as Dún na nGall in 1916



(Black, C., 1939)

**Caitriona Ní Dhuibh (1878 – 1949)**

I dTeach an Airdín, Ráth Mealtain, a rugadh Caitríona Ní Dhuibh, in 1878 agus oileadh ina banaltra í in Ospidéal Ríoga Londan. Nuair a bhris an cogadh amach in 1914 dheonaigh Caitríona dul i Seirbhís Impiriúil Mhíleata Bhanaltrachta na Banríona Alexandra. Rinne sí seirbhís ar dtús in Ospidéal Cambridge in Aldershot. Cuireadh chun na Fraince i bhfómhar na bliana 1916 í le post a ghlacadh ag Ospidéal Ginearálta Uimh 7 ag St Omer. Tá tuairisc ar a cuid eispéireas sa Fhrainc le linn bhlianta an chogaidh, ag tabhairt aire do na daoine a gortaíodh agus a bhí ag fáil bháis i Stáisiúin Imréitithe Taismeach, le fáil ina dírbheathaisnéis *King's Nurse – Beggar's Nurse* agus leagann siad béim ar chruálacht agus bharbarthacht an Chogaidh (Black, 1939).

D'oibir Caitríona mar bhanaltra phríobháideach an Rí Seoirse V ó 1928 nó go bhfuair sé bás in 1936. Fuair Caitríona Ní Dhuibh (Catherine Black) bás Dé hAoine 7 Deireadh Fómhair 1949 i Londain.



(Cartlann Contae Dhún na nGall)

**Pádraig Mac an Ghoill (1889 – 1963)**

B'údar clúiteach as Contae Dhún na nGall é Pádraig Mac an Ghoill; ar na leabhair a scríobh sé tá *The Children of the Dead End* agus *Glenmornan* agus rinne sé seirbhís i bhFir Raidhfil Éireannacha Londan le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Scríobh Mac an Ghoill cuntais bunaithe ar a chuid eispéireas féin sa Chogadh: *The Amateur Army* 1915, *The Red Horizon* 1916 agus *The Great Push* 1916.

Is é atá in *The Great Push*, a foilsíodh in 1916, cuntas ar an mhórionsaí Bhriotanach ag Loos i 1915. Ba shínteánaí é Mac an Ghoill agus uafáis an chogaidh a chonaic sé, chuaigh siad go mór i bhfeidhm air. Scríobh sé:

"Fuair mé léargas soiléir pearsanta ar bheartaíocht an duine i gcomhair léirscriosta nuair a chonaic mo shúile an líne thosaigh Ghearmánach mar a raibh ár mairbh ina luí faoi shuaimhneas lena naimhde marbh ar an uchtbhalla."

De bharr bheocht a chuid eispéireas d'éirigh go breá le húrscéalta cogaidh Mhic an Ghoill. I mí Dheireadh an Fhómhair 1915, gásaíodh i gcomhrac é agus goineadh é ina sciathán deas. Dá thoradh, cuireadh ar ais chun na Breataine é áit ar ghlac sé, más fíor, le hobair ag Roinn Faisnéise na hOifige Cogaidh. I ndiaidh an Chogaidh, lean Mac an Ghoill leis an scríbhneoireacht. In 1930 bhog sé lena theaghlach go SAM agus fuair sé bás i Massachusetts in 1963.

## Peadar Ó Dónaill (1893 – 1986)



(Cartlann Contae Dhún na nGall)

Rugadh Peadar Ó Dónaill in 1893 ar an Mhín Mhór, an Clochán Liath, agus chríochnaigh sé a oiliúint múinteora ag Coláiste Oiliúna Múinteoirí Naomh Pádraig i nDroim Conrach. Fuair sé post príomhoide i scoil bheirt mhúinteoirí i nDoire Sheanaidh taobh amuigh den Chlochán Liath. An luathoideachas teaghlaigh a fuair sé, spreag sé coinsias láidir sóisialach ann agus tuairimí sóisialacha. Bhí Ó Dónaill de shíor ag stocaireacht ar an Oifig Oideachais i gcomhair feabhsuithe d'fhoirgneamh na scoile. In 1916 le cairde dá chuid, leag Ó Dónaill an foirgneamh a bhí ag titim as a chéile agus ar an dóigh sin thug sé ar na húdaráis íoc as scoil úr a thógáil.

I mí Iúil 1916 ghlac sé post príomhoide ar Scoil Náisiúnta Uimhir a hAon ar Árainn Mhór. Chuir a bhallraíocht i gCumann Múinteoirí Éireann (CMÉ) tús ar a cheardchumannachas clúiteach agus toghadh ina Rúnaí Contae é an bhliain dár gcionn. In 1916, ar Árainn Mhór, a thosaigh sé a scríobh, ag cur ama ar leataobh gach lá. Ar na leabhair is clúití ag Peadar Ó Dónaill tá *The Big Windows*, *Proud Island* agus *Islanders*.

## Séamas Ó Grianna (1889 - 1969)



(Le caoinchead ó Áislann Rann na Feirste)

I Rann na Feirste a rugadh mórúdar Dhún na nGall Séamas Ó Grianna in 1889. Ghnóthaigh sé teastas múinteoireachta ag Coláiste Uladh sula ndeachaigh sé go Coláiste Oiliúna Múinteoirí Naomh Pádraig, Droim Conrach, in 1912.

In 1916 ceapadh ina phríomhoide é ar scoil náisiúnta Leitir Catha i nGaeltacht Thír Chonaill. Is anseo a shocraigh sé ar scríobh i nGaeilge, cinneadh a raibh tionchar ag Conradh na Gaeilge agus an Náisiúnachas Éireannach air. *Caisleáin Óir* an saothar is cáilúla dá chuid.

## Tarlach Mac Suibhne (1831 – 1916)




Rugadh Tarlach Mac Suibhne i nGleann Fhinne, ach bhog an teaghlach chuig teach ceann tuí ar an Luinneach, Gaoth Dobhair, áit ar fhan sé an chuid eile dá shaol. Tugadh 'Píobaire Thír Chonaill' air agus 'An Píobaire Mór' a gheall ar a airde mhór choirp. Thug a chlú mar phíobaire go Chicago é agus sheinn sé ag an Taispeántas Domhanda, áit ar bhain sé craobh an domhain. Fuair Tarlach Mac Suibhne bás in 1916. Dúradh ina fhógra báis ar *The Catholic Press*, 7 Meán Fómhair 1916, "...admhaíodh nach raibh a shárú ann mar sheinnteoir píob ...".

### Paddy the Cope (c.1873 – 1966)


(Le caoinchead ó Chartlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

Bhí Paddy the Cope (Pádraig Ó Gallchóir) go luath sna daichidí in 1916. Deich mbliana roimhe sin, le cabhair a bhean chéile Sally agus 12 leathchoróin a chuid comharsan i gcnoic Chlaondoire taobh amuigh den Chlochán Liath, chuir sé ar bun Comharchumann & Cumann Talmhaíochta Theampall Cróine ('The Cope'). Ó chistin bheag Sally, ar thaobh mhala shléibhe in aice le Ceann na Cruaiche, bhí an Cope leathnaithe fá 1916 go háitribh ar an Chochán Liath, an Mhachaire, i Leitir Mhic an Bhaird agus i Mín Beannaid. D'fhás an láimhdeachas ar luas lasrach ó £381 in 1906, go £34,731 in 1916, ionann agus breis is €5m inniu. Ba é an cogadh san Eoraip an ghaoth olc a thug léi deiseanna don Chope: bhí éileamh ard ar stocaí, ar mhiotóga, ar bhalaclávaí agus ar éadaí eile ó Arm na Breataine. Ar nós a lán gnólachtaí eile in Éirinn, bhí conarthaí ag an Chope leis an Oifig Cogaidh – leoga, bhí ordú ollmhór curtha isteach ag Arm na hIndia leis an Chope via an Oifig Cogaidh in 1916. Le freastal ar an éileamh, ghabh Paddy Halla an Chope, a bhronn Iontaobhas Pembroke ar an Chlochán Liath mar ionad oideachais, sóisialta agus siamsaíocha in 1910. Is anseo a chruthaigh sé Monarcha Chleiteála a d'fhostaigh breis agus 150 ban agus a lán lán eile oibrithe baile.

In 1916 bhí Paddy the Cope ar an Chlochán Liath ag bainistiú mhearleathnú ghnoithe an chomharchumainn a bhunaigh sé. Ba náisiúnaí diongbháilte é, agus é go dúshlánach neamhshaolta, chonaic sé maitheas i ngach duine, náisiúnaí nó aontachtaí. Casadh air Erskine Childers agus Ruairí Mac Easmainn i Londain is é ar cuairt ann, rinne sé dlúthchairdeas le Sir Horace Pluincéad (bunaitheoir Chumann Eagraíocht Chomhoibríoch Éireann) agus leis an údar AE (George Russell) agus casadh Pádraig Mac Piarais air nuair a labhair sé ar an Chlochán Liath in 1914.



(Le caoinchead ó chlann Mhic Gabhann)

### Micí Mac Gabhann (1865 – 1948)

I nDoire Chonaire, Cloich Chionnaola in 1865 a rugadh Micí Mac Gabhann, an duine ba shine d'ochtar clainne. Théadh sé ar aonach an fhostaithe i Leitir Ceanainn le dul ag obair ar fheirmeacha ar an Lagán in oirthear Dhún na nGall. Chuaigh sé ar imirce ansin go Meiriceá áit a ndearna sé a shaibhreas i bpoill óir an Klondike; tá a scéal eachtraithe in *Rotha Mór an tSaoil* agus *The Hard Road to Klondike.*

Murb ionann agus a lán eile de lucht a linne, phill sé ar iarthar Dhún na nGall lena chlann a thógáil. Phill Micí chun an bhaile agus cheannaigh feirm ar an Chaiseal, Gort an Choirce, ó Sir John Nicholas Dick. Is sa teach dhá stór, dara grád sin, timpeallaithe ag réimse foirgneamh feirme a bhí Micí agus a theaghlach ina gcónaí in 1916. Le bunú Choláiste Uladh i gCloich Chionnaola, chuir Micí Mac Gabhann aithne agus rinne cineáltas ar chuid de phearsana móra an lae, leithéidí Phádraig Mhic Phiarais, Ruairí Mhic Easmainn agus Eoin Mhic Néill (Mac Gabhann, 1958).

# Caibidliú le Cáipéisí



Sliocht as litir ó Shéamas Ó Dúláin, Nua-Eabhrac, chuig a dheartháir Liam, 6 Meitheamh (Cartlann Dhún na nGall)

**Cad is Cartlanna ann?**
Is cáipéisí iad cartlanna ina mbíonn eolas tábhachtach fán am atá caite. Tá litreacha, dialanna, grianghraif, cuntais ar chruinnithe, léarscáileanna, pleananna agus taifeadtaí fuaime agus físeáin iontu. Is foinsí príomha iad nó is san am a tharla eachtra a cruthaíodh iad agus is iontu atá cuntais bhunfhoinse ó na daoine a mhair le linn na n-eachtraí féin. Caomhnaíodh na míreanna seo ar an ábhar go bhfuil iontu eolas uathúil agus tábhachtach a thig linn a úsáid leis an am a d'imigh a athchruthú agus le tuiscint níos fearr air a fháil.

**Oibriú le cáipéisí stairiúla**
Is le cúram a chaithfear eolas a fhiosrú i gcartlanna. Ní thugann na taifeadtaí seo ach taobh amháin de scéal nó cuntas aon duine amháin ar ócáid áirithe. B'fhéidir go roghnódh daoine eile gnéithe eile le taifeadadh nó go nochtfadh siad tuairimí éagsúla ar an rud a tharla. Is áisiúil in amanna cartlanna ó dhá thaobh dhifriúla a chomhcheangal le cuntas cruinn ar ar tharla go fírinneach a chur le chéile. Mar shampla, lena fháil amach go beacht cad é a tharla i mBaile Átha Cliath Seachtain na Cásca, b'fhéidir go gcaithfeadh staraí cuntais a léamh a thug cuid de cheannairí Éirí Amach 1916 agus fosta, tuairiscí oifigiúla Rialtais ar imeachtaí na seachtaine sin. Foinsí tánaisteacha a thugtar ar leabhair staire, ailt irise agus chláir faisnéise a úsáideann cartlanna le cur síos a dhéanamh ar imeacht.

Bíonn cuid de na cartlanna lámhscríofa agus, ag brath ar chineál an pháipéir, an phinn agus scil an údair, is doiligh go minic iad a léamh. Má bhíonn deacracht agat le focal ba cheart duit féachaint le cuid de na litreacha a mheaitseáil le litreacha i bhfocail a d'oibrigh tú amach cheana féin. Is minic a bhíonn gloine formhéadúcháin an-áisiúil in aithint focal nó litreacha.

**Do phaca foghlama – nóta do mhic léinn**
As Cartlann Contae Dhún na nGall a thagann na cartlanna a roghnaíodh do do phaca foghlama, chomh maith le hiarsmalanna, leabharlanna agus seirbhísí eile cartlainne. Bíonn roinnt cáipéisí cartlainne ag an chuid is mó de theaghlaigh – an bhfuil agaibhse? Cad é atá iontu? Cuid ar bith acu ó 1916?

Tá roinnt cáipéisí roghnaithe againn a thig leat a scrúdú. Is le cúram a roghnaigh muid iad le ligean duit taithí a fháil ar réimse de chineálacha éagsúla foinse agus fosta le cuidiú leat dearcthaí éagsúla ar imeachtaí a fháil. Tá súil againn go gcuideoidh siad sin leat leis an dóigh ar mhair daoine agus imeachtaí tábhachtacha céad bliain ó shin a thuiscint agus a shamhlú. Gheobhaidh tú roinnt ceisteanna agus cleachtaí ar chúl gach facsamhla.

Agus tú ag iniúchadh na gcáipéisí sa phaca seo, ba chóir duit:

- Féachaint le cineál na cáipéise a bhfuil tú ag amharc uirthi a aithint – an litir, tuairisc, miontuairiscí cruinnithe, nó grianghraf í?
- Smaoineamh cad chuige ar cuireadh ar fáil í, cé a bhí in ainm í a fheiceáil nó a léamh?
- Socrú cad iad na fíricí agus an t-eolas is tábhachtaí sa cháipéis.
- Smaoineamh go géarchúiseach fán eolas atá an cháipéis a thabhairt – cad é chomh cruinn is atá sé, an síleann tú go bhfuil an t-údar ag iarraidh rud éigin a chur ina luí ar an léitheoir, cad é a thiocfadh leis an údar a fhágáil ar lár?

# Foinsí

## Cartlanna, Iarsmalanna agus Leabharlanna

Iarsmalann Cogaidh Cheanada
Cartlann Contae Dhún na nGall
Iarsmalann Contae Dhún na nGall
Leabharlann Contae Dhún na nGall
Iarsmalann Reilig Ghlas Naíon
Cartlann Caipisíneach Éireann
Príosún Chill Mhaighneann
Leabharlann na Comhdhála
Met Éireann
An Chartlann Mhíleata, Baile Átha Cliath.
Cartlann Náisiúnta na hÉireann
Na Cartlanna Náisiúnta, RA
Cartlanna Náisiúnta, An Astráil
Na Cartlanna Náisiúnta, An Nua-Shéalainn
Na Cartlanna Náisiúnta, Ceanada
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann
Scoileanna Náisiúnta Chontae Dhún na nGall
Iarsmalann an Phiarsaigh
Leabharlanna Dheisceart Bhaile Átha Cliath

## Bailiúcháin cartlainne a luadh sa téacs

Comhairlí Ceantair Tuaithe Bhéal Átha Seanaidh, Dhún na nGall, Dhún Fionnachaidh, na nGleanntach, Inis Eoghain, Leitir Ceanainn, Bhaile na nGallóglach agus Shrath an Urláir: Miontuairiscí cruinnithe, 1916 (Cartlann Contae Dhún na nGall).

Aontais Dhlí na mBocht/Boird Bhardachta: Miontuairiscí cruinnithe, cláir iontrálacha do Bhéal Átha Seanaidh, Dhún na nGall, Dhún Fionnachaidh, na Gleannta, Inis Eoghain, Leitir Ceanainn, Bhaile na nGallóglach, Shrath an Urláir, 1916; clár Ospidéal Fiabhrais Bhéal Átha Seanaidh, 1916 (Cartlanna Contae Dhún na nGall).

Comhairlí Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn, Bhun Cranncha agus Bhun Dobhráin: Miontuairiscí cruinnithe, 1916 (Cartlanna Contae Dhún na nGall).

Gealtlann Ceantair Dhún na nGall/Ospidéal Naomh Conall: clár iontrálacha, 1907 – 1933 (Cartlanna Contae Dhún na nGall).

An Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil Choimisinéirí Dhlí na mBocht do Shasain agus don Bhreatain Bheag le hAguisíní, 1839, 1839 [239] xx.1

An Clár Mótarchánach do Chontae Dhún na nGall, 1903 – 1923 (Cartlanna Contae Dhún na nGall).

Taifeadtaí scoileanna náisiúnta gasúr agus girseach Dhroim Eochaille, Fhathna agus Mhás an Easa, 1916 (Cartlanna Contae Dhún na nGall).

Bailiúchán Lawrence (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).

An Comhad Pinsean Míleata agus Ráitis Fhinnéithe an Bhiúró Staire Míleata (Cartlanna Míleata).

Bailiúchán príobháideach mhuintir Law.

**Leabhair, paimfléid, tuarascálacha agus ailt irise**

Beattie, Sean, 'Cottage Industries', *Donegal Annual 2008* (Cumann Staire Chontae Dhún na nGall 2008), ll. 59-81.

Bell, Jonathan and Watson, Mervyn, *Heritage Objects Associated with Farming and Fishing in County Donegal, Final Report* (Leifear: Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, Seirbhísí Cultúrtha, Comhairle Contae Dhún na nGall, 2011).

Black, Catherine, *King's Nurse – Beggar's Nurse* (Londain: Hurst & Blackett, 1939).

*Dictionary of Irish Biography* (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann 2009)

*Donegal Annual*, 1966 (eagrán ag comóradh 50 bliain Éirí Amach na Cásca).

Cartlanna Contae Dhún na nGall, A Decade of Change: Donegal and Ireland, 1912 – 1923 Document Study Pack (Leifear: Comhairle Contae Dhún na nGall 2013).

Iarsmalann Contae Dhún na nGall, *From Home to Foreign Fields – A history of the First World War in the Derry City , Strabane District, Omagh District and Donegal County Council Areas* (Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Cathrach Dhoire, Comhairle Ceantair an tSratha Báin, Comhairle Ceantair na hÓmaí, 2013)

Law, Francis, *A Man at Arms: Memoirs of two World Wars* (Londain: Collins 1983)

Mac Gabhann, Micí, *Rotha Mór an tSaoil* (Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta 1958).

Mac Gill, Patrick *The Red Horizon* (Londain: Herbert Jenkins Limited 1916).

Ó Duibhir, Liam, *The Donegal Awakening: Donegal and the War of Independence* (Corcaigh: Cló Mercier 2009).

Sweeney, Alice, *My Memoirs: Looking Back and Remembering People, Events, Things from Long Ago, 1885 to Present Time 1986* (Dún na nGall: Alice Sweeney, 1986)

Sweeney, Frank, *That Old Sinner: The Leitir Ceanainn & Burtonport Extension Railway* (Baile Átha Cliath: Cló Staire na hÉireann 2006).

Sweeney, Joseph, 'Donegal and the War of Independence', *The Capuchin Annual* 1970 (Le caoinchéad Chartlanna Proibhinse Caipisíneach na hÉireann).

Townshend, Charles, *Easter 1916, The Irish Rebellion* (Londain: Penguin 2005).

**Tráchtais**

Sweeney, Frank, Letterkenny & Burtonport Extension Railway 1903 – 1947. tráchtas Ph.D., OÉ Maigh Nuad, Deireadh Fómhair 2004.

**Nuachtáin**

*Derry Journal*

*Derry People and Donegal News*

**Suíomhanna Gréasáin**

**Cartlanna Contae Dhún na nGall**
www.donegalcoco.ie/culture/archives/

**Leabharlann Contae Dhún na nGall:**
www.donegallibrary.ie

**Iarsmalann Contae Dhún na nGall:**
www.donegalcoco.ie/culture/countymuseum/

**Cartlann Mhíleata:**
www.militaryarchives.ie

**Foram Cheird Uaireolaíochta Éireann:**
www.ihcf.ie/journal/irish-railway-time/

**Cartlann Náisiúnta: Daonáireamh Éireann 1911: www.census.nationalarchives.ie/**
www.rollofhonourirl.com/prison-records.php

**Iontaobhas Ghlas Naíon: liosta na marbh**
www.glasnevintrust.ie

## Giorrúcháin sa téacs

| | |
|---|---|
| A/Coy.S. Maj | Acting Company Sergeant Major |
| Btn. | Battalion – a military unit |
| BCC | Bord na gCeantar Cúng |
| CCDG | Cartlann Contae Dhún na nGall |
| AOP | Ard-Oifig an Phoist |
| ACÉ | Arm Cathartha na hÉireann |
| BPÉ | Bráithreachas Phoblacht na hÉireann |
| CIIÉ | Ceardchumann Iompair agus Ilsaothair na hÉireann |
| CC | Cime cogaidh |
| CCT | Comhairle Ceantair Tuaithe |
| CRÉ | Constáblacht Ríoga na hÉireann |
| LNÉ | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| CN, RA | Cartlann Náisiúnta, RA |
| CCU | Comhairle Ceantair Uirbigh |

## Buíochas

Padraig Ó Cnáimhsí
An Dr. Arlene Crampsie
Eoghan Mac Oscair
Darach Mac Donncha
Robin Law
Aodh Mac Ruairí, Áislann Rann na Feirste.
Oifig Thionscadal Cuimhneacháin 2016 / Ireland 2016 Project Office
Nan Smullen, nach maireann
Mairéad Nic Thréinir, Met Éireann
Teaghlach John Clinton Ó Buaigh
Muintir Uí Mhaoilchiaráin

**Íomhánna le caoinchead**

Áislann Rann na Feirste
Derry Journal
Bailiúchán príobháideach mhuintir Uí Ghallchóir
Cartlann Ailtireachta Éireann
Cartlann Phroibhinseal Chaipisíneach na hÉireann
Máire Mhic Pháidín, Ionad a' Phobail, Machaire Rabhartaigh
Cartlann Mhíleata
Bailiúchán príobháideach mhuintir Uí Mhaoilchiaráin
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann
Niall Mac Fhionnlaoich
Iarsmalann an Phiarsaigh/Príosún Chill Mhaighneann
Robin Law
Cartlann Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na seirbhísí cartlainne, leabharlanna, iarsmalanna agus seirbhísí poiblí eile agus daoine aonair a thug cuidiú dúinn in ullmhú an phacáiste foghlama seo.


Is Gníomh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall an foilseachán, arna pháirtchistiú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus ag an Chomhairle Oidhreachta faoi Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.

Tá na Cartlanna faoi chosaint Cóipchirt agus ní cóir iad a atáirgeadh gan chead. Rinne muid gach iarracht le dul i dteagmháil le sealbhóirí Cóipchirt na n-íomhánna a úsáideadh sa phacáiste, ach níorbh fhéidir é i ngach cás. Más sealbhóir Cóipchirt ceann ar bith de na híomhánna seo tú déan teagmháil linn, le do thoil.

Arna tháirgeadh ag Cartlann Contae, Iarsmalann Contae, Leabharlann Contae agus Oifig Oidhreachta Contae, Comhairle Contae Dhún na nGall.

Ar an fhoireann eagarthóireachta agus na scríbhneoirí tá: Niamh Ní Bhraonáin, Caroline Nic Giolla Cheara, Judith Ní Chárthaigh, Seosamh Ó Gallchóir, Donna Nic Caomhánaigh, Róisín Nic Mhaonghail agus Úna Nic Mhatha, Comhairle Contae Dhún na nGall; agus Arlene Crampsie agus Pádraig Ó Cnáimhsí.

ISBN
978-0-9574403-6-4 Pacáiste Foghlama Chontae Dhún na nGall in 1916



P/10/8(4)



of barren and stony hillocks. I travelled all about the country of the Gospels, and visited every place I have described." Listening to him as he outlines something of the developments of "The Brook Kerith" you cannot but feel how profoundly his subject has impressed and taken possession of him. "It has no theological significance, of course, and I hope nobody will be so foolish as to try to read any into it," he says. "It is purely a work of imagination, with its interest centred on the greatest figure that ever walked the earth." This romance, novel, story—one scarcely knows how to class it—being off his hands, Mr. Moore is now busy again with the revision of all his other books for the collected edition of his works which Mr Heinemann is publishing.

# THE BOOKMAN GALLERY.

## PATRICK MACGILL.

"'Do you expect an Irishman to cook bully beef when his regiment is going over the top?' asked Felan, the company cook, who, according to regulations would not cross in the charge. 'For shame!'

"We rose, all of us, shook him warmly by the hand, and wished him luck."

IT was the night before the charge of the London Irish at Loos. It is good to read these words put into the mouth of an Irishman by a representative Irishman to-day. The new war-sketches of Mr. Patrick MacGill have rapidly followed the first volume, named "The Red Horizon." The one before me is entirely given to the great fight at Loos. The narrative is very powerful and dramatic, and the rapid incidents in the turmoil of battle are massed with fine intensive effect. But I had in mind when "The Great Push"* appeared to write of the author and of all he stands for in Ireland at this hour. And we will turn at once to his Irishmen, and to Felan, who was company cook that week of the great advance:

"Rifleman Felan, my mate, went up the ladder of the assembly trench with a lighted cigarette in his mouth. Out on the open his first feeling was one of disappointment; the charge was as dull as a church parade to start with. Felan, although orders were given to the contrary, expected a wild, whooping, forward rush, but the men stepped out soberly with the pious decision of ancient ladies going to church. In front the bilious yellow gas receded like a curtain . . ."

The Irishman disappeared into the opening formed by the caprice of the breeze in the gas-cloud, and beheld the parapet of the German trench. He was quite solitary, the mist hid him from view of his comrades, and none would have witnessed his turn-back. But his regiment was "going over the top," and he would go forward. "A big, bearded German faced him, adjusting the range of his rifle." Felan adjusted his. Before he knew the result of his shot he was out of the battle. A stretcher-bearer picked him up, and left him in a shell-hole all the tormented day till he was found by the narrator.

Felan, first described in "The Red Horizon," was "an Irishman with a brogue that could be cut with a knife," who sang on the first night before the trenches, when the London Irish boys tasted "first blood" in France. Felan was no trained artist, but he knew how to carry his audience with him. "It's a song about the time Irelan' was fighting for freedom, and it's called 'The Rising of the Moon.' A great song entirely it is, and I cannot do it justice," he said then.

Now, before the great charge at Loos:

"'Well, what will I sing?' Felan asked.
"'Any damned thing,' said Bill.
"'The "Trumpeter," and we'll all help,' said Kore.

"Felan leant against the wall, thrust his head back, closed his eyes, stuck the thumb of his right hand into a buttonhole of his tunic and began his song.

"His voice, rather hoarse but very pleasant, faltered a little at first, but was gradually permeated by a note of deepest feeling, and a strange passion surged through the melody. Felan was pouring his soul into the song:

"'Trumpeter, what are you sounding now?
Is it the call I'm seeking?
Lucky for you if you hear it at all,
For my trumpet's but faintly speaking—
I'm calling 'em home. Come home! Come home!
Tread light o'er the dead in the valley,
Who are lying around
Face down to the ground,
And they can't hear——'"

Mr. Patrick MacGill.

We have to look on a forbidding picture. Realistic Art and War never met more grimly than in that fight when the rifleman-narrator, framed to be a vivid painter of battle-shambles, found himself stretcher-bearer on the battle-field. As narrative the work is masterly. There is no tedious

* 2s. 6d. (Herbert Jenkins).

Léirmheas ar *The Great Push* le Pádraig Mac an Ghoill in *The Bookman*, Lúnasa 1916 (Cartlann Contae Dhún na nGall)

# POBLACHT NA H EIREANN.

# THE PROVISIONAL GOVERNMENT
OF THE
# IRISH REPUBLIC
## TO THE PEOPLE OF IRELAND.

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.

Having organised and trained her manhood through her secret revolutionary organisation, the Irish Republican Brotherhood, and through her open military organisations, the Irish Volunteers and the Irish Citizen Army, having patiently perfected her discipline, having resolutely waited for the right moment to reveal itself, she now seizes that moment, and, supported by her exiled children in America and by gallant allies in Europe, but relying in the first on her own strength, she strikes in full confidence of victory.

We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies, to be sovereign and indefeasible. The long usurpation of that right by a foreign people and government has not extinguished the right, nor can it ever be extinguished except by the destruction of the Irish people. In every generation the Irish people have asserted their right to national freedom and sovereignty; six times during the past three hundred years they have asserted it in arms. Standing on that fundamental right and again asserting it in arms in the face of the world, we hereby proclaim the Irish Republic as a Sovereign Independent State, and we pledge our lives and the lives of our comrades-in-arms to the cause of its freedom, of its welfare, and of its exaltation among the nations.

The Irish Republic is entitled to, and hereby claims, the allegiance of every Irishman and Irishwoman. The Republic guarantees religious and civil liberty, equal rights and equal opportunities to all its citizens, and declares its resolve to pursue the happiness and prosperity of the whole nation and of all its parts, cherishing all the children of the nation equally, and oblivious of the differences carefully fostered by an alien government, which have divided a minority from the majority in the past.

Until our arms have brought the opportune moment for the establishment of a permanent National Government, representative of the whole people of Ireland and elected by the suffrages of all her men and women, the Provisional Government, hereby constituted, will administer the civil and military affairs of the Republic in trust for the people.

We place the cause of the Irish Republic under the protection of the Most High God, Whose blessing we invoke upon our arms, and we pray that no one who serves that cause will dishonour it by cowardice, inhumanity, or rapine. In this supreme hour the Irish nation must, by its valour and discipline and by the readiness of its children to sacrifice themselves for the common good, prove itself worthy of the august destiny to which it is called.

Signed on Behalf of the Provisional Government,

THOMAS J. CLARKE.
SEAN Mac DIARMADA. THOMAS MacDONAGH.
P. H. PEARSE. EAMONN CEANNT.
JAMES CONNOLLY. JOSEPH PLUNKETT.

ÉIRE IRELAND 1916 2016 Clár Comórtha Céad Bliain Centenary Programme
Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council
An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council
DONEGAL COUNTY MUSEUM

An Action of the County Donegal Heritage Plan